V

(Fógairtí)

NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

AN COIMISIÚN EORPACH

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10637 – CERTAS / ENGIE SOLUTIONS / SSEC JV)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 111/03)

1. An 28 Feabhra 2022 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Certas Energy France ("Certas", an Fhrainc), atá faoi rialú DCC plc ("DCC", Éire),

— Engie Energies Service - Engie Solutions ("Engie Solutions", an Fhrainc), atá faoi rialú Engie SA ("Engie", an Fhrainc),

— SSEC (an Fhrainc).

Gheobhaidh Certas agus Engie rialú comhpháirteach ar SSEC de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus Airteagal 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna i gcuideachta nuachruthaithe ar comhfhiontar í.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— i gcás Certas: oibriú na stáisiún seirbhíse atá ar an ngréasán mótarbhealaí agus bóithre sa Fhrainc. Tá a mháthairchuideachta DCC gníomhach ar fud an domhain i gceithre rannán i réimsí éagsúla tionscail ar nós na teicneolaíochta, an chúraim sláinte, LPG agus miondíola & ola,

— i gcás Engie Solutions: soláthar seirbhísí a bhaineann le bainistiú fuinnimh sa Fhrainc. Tá a mháthairchuideachta Engie gníomhach ar fud an domhain i soláthar gáis, leictreachais agus seirbhísí a bhaineann le bainistiú fuinnimh,

— i gcás SSEC: comhfhiontar nuabhunaithe a bheidh gníomhach i suiteáil agus in oibriú stáisiún luchtaithe feithiclí leictreacha sa Fhrainc.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10637 – CERTAS / ENGIE SOLUTIONS / SSEC JV

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

Ríomhphost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

An Coimisiún Eorpach
Ard-Stiúrthóireacht na hIomaíochta
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË